| | |
|---|---|
| **Ainm an Tionscadail** | Tionscadal Béaloidis Ghaeltacht Thír Chonaill |
| **Buntaifeadadh** | T72 |
| **Ainm an Agallaí** | Padaí Ó Briain |
| **Ainm an Agallóra** | Dónall Dinny Ó Gallachóir |
| **Dáta an Agallaimh** | 21/09/2006 |
| **Suíomh an Agallaimh** | Mín an Chladaigh |
| **Ainm an Tras-scríbhneora** | Anna Ní Pheanróis |
| **Níl ach píosaí áirithe de thras-scríbhinn an agallaimh ar fáil anseo.** | |

**(gáire)**
**(sos)**
**(--)** **Tosach lochtach**
**'______'** **Focal dothuigthe**
**'______+'** **Níos mó ná focal amháin dothuigthe**
**....** **Beirt ag caint ag an am amháin**
**[]** **Nóta déanta ag an tras-scríbhneoir**

**DÓNALL:** A Phadaí, idir, idir, idir an bheirt againn anois, bhí, bhí muid ag caint inné ar na *faireacha* agus rud mar sin.

**PADAÍ:** Sea.

**DÓNALL:** Agus d'fhág muid amuigh píosaí *but* bheadh, bheadh píosa bhí mé ag rá leat ansin tamall ó shin, d'imeodh, thiocfadh an óige isteach roimh mheán oíche agus d'imreodh siad an chleasaíocht seo a bhí i dtithe faire.

**PADAÍ:** Á, bhí, bhí sin ann, bhí sin ann chorr a bheith i ndiaidh am phaidrín i gcónaí a thosódh sin. Deirtí an paidrín i gcónaí thart fán dó dhéag a chlog, an dó dhéag a chlog a bhí ann san am sin. Deirtí an paidrín.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** I dteach an faire. Bhuel bheadh na daoine ina suí ansin go maidin. Ach bhí siad ansin go maidin go mbeadh, go mbeadh an lá geal daofa, ag gabháil, go rachadh siad na bhaile. *But* bhí moll rudaí beaga acu, rudaí beaga simplí, bheadh siad ag cur

amach an choirce is bhí rud acu a dtabharfadh siad an *gooley* air, rud eile a dtabharfadh siad an post air, rudaí mar sin. Rudaí beaga simplí, *but* bhí sin, bhí na rudaí sin acu. Bhí. Bhí na rudaí sin acu.

**DÓNALL:** Agus caidé an rámas a déarfadh siad le, leis an baint, leis an choirce, an bé a déarfadh siad an ramás, an bé?

**PADAÍ:** *Aye*, bhí ramás de rud inteacht sa choirce fosta acu *but* níor choinnigh mise cuimhne air. *But* ramás an choirce *do you see,* tá mise ag deanamh, an méid a chonaic mise den choirce, cur i gcás, dá mbeadh péire ag gabháil amach, bhí beilt acu.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Bheadh fear ag gabháil thart agus beilt leis agus gheofá an bheilt. Chuireadh duine, chuireadh duine tusa go dtí duine inteacht eile, déarfadh sé "bhí tusa le bean inteacht aréir, chonaic mé tú". Chaithfeá tusa, chaithfeá tusa sin a rá. Mura ndéarfá tusa sin.

**DÓNALL:** Gheofá tusa an bheilt.

**PADAÍ:** Gheofá an bheilt.

**DÓNALL:** (Gáire)

**PADAÍ:** Tá, rudaí mar, rudaí simplí.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** *Aye*.

**DÓNALL:** Agus c'ainm a bhí ar an sean ramás a deirtí, lúrabóg.

**PADAÍ:** Á, bhí sin *but* sin,
*lúrabóg, lárabóg, fiáin Eoin, fiáin '___',*
*'____' buile, buile beag, siúd amuigh, siúd istigh an phlaic.*

Bhuel, in sna tithe a bhí sin. Chan ag faireacha a bhí sin.

**DÓNALL:** Ná nach bé?

**PADAÍ:** Ní hea. Ní raibh, ní raibh sin ag faireacha, dá bhfuil a fhios agam anois.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Bhí sin ag, bhí sin ag páistí, cur i gcás páistí a bheith ina suí cois na tine.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** In san oíche, tá a fhios agat.

**DÓNALL:** Tá a fhios.

**PADAÍ:** Chuireadh siad amach, mar seo, lúrabóg, lárabóg thart ar na glúine.

**DÓNALL:** Sea. Chím anois, sea.

**PADAÍ:** Tá a fhios agat.

**DÓNALL:** Shíl mé gur ag, ag na tithe faire a bhí sé.

**PADAÍ:** Bhuel bhí sé, b'fhéidir go raibh sé ag na tithe faire anois ach bhí sé ag na páistí, tá a fhios agam go raibh sé ag páistí agus ag tithe airneáin. Bhí sin ann. Chuireadh siad amach é, lúrabóg, lárabóg, buidhean Eoin.

**DÓNALL:** *Mmm, hmm*.

**PADAÍ:** *Aye*. Bhí sin ann, in san am. *But* ní, ní raibh, ní raibh cuid mhór mar sin ann in, in m'amsa *but* cuimhin liom e a bheith ag gabháil.

**DÓNALL:** *Mmm, hmm*

**PADAÍ:** Bhí. Bhí moll rudaí mar sin ann. Ansin, bhí ansin oirchilleacha ag fairí.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Stop sin. Chuir siad deireadh le sin tá mé ag déanamh thart fá 66 nó 67. Faireacha, bheadh fear ina dhuí ansin, scríobh, thiocfadh daoine ó achan áit tá a fhios agat, ag díol oirchill.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Bhí na oirchilleacha sin uilig ag gabháil go dtí an paróiste.

**DÓNALL:** Ag sagart na paróiste.

**PADAÍ:** Sagart na paróiste. Bhuel nuair a thosaigh sin an chéad uair, bhí sé cosúil le achan rud, thosaigh sin le sé pingine agus fá choinne na, chan fá choinne na sagairt a bhí sin ar chorr ar bith.

**DÓNALL:** Ach fá choinne an teaghlaigh an bé?

**PADAÍ:** An ait a mbeadh trioblóid in san tsean am, b'fhéidir am an ghorta ná am an, blianta ina dhiaidh.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Fá choinne an costas daoine an tí a bhí sé.

**DÓNALL:** Sea agus bhí ciall leis.

**PADAÍ:** Chan fá choinne, chan fá choinne na sagairt a bhí sin.

**DÓNALL:** *Mmm*.

**PADAÍ:** An chéad uair ariamh ach ansin de réir mar a d'éirigh daoine rud beag saibhir de réir a chéile thosaigh siad a thabhairt don tsagart an t-airgead ansin do theach an phobail. Agus sin an dóigh a raibh sin.

**DÓNALL:** *Mmm*

**PADAÍ:** Agus, is cuimhin liomsa, bhí, fear thoir i nGort an Choirce a bhí ag scairteadh amach na oirchilleacha agus níl a fhios agamsa cé acu ar thóg aon duine ariamh a dhath dena chuid comhairle ná nár thóg. Is é a bhí ag scairteadh amach na hoirchilleacha. B'as Doire Chonaire é, fear a dtabharfadh siad *Ned* Máirtín air. Is cuma caidé na ainmneacha a bhí scríofa síos i mBéarla in san leabhair, bhí sé sin, bhí sé sin ábalta ainm Gaeilge a chur ar achan uile ainm. Char scairt sé amach ainm Béarla ariamh, char mhothaigh mé ariamh é scairtigh amach ainm Béarla. *Even* nuair a bhí na ainmneacha scríofa i mBéarla, bheadh seisean ag scairtigh amach na oirchilleacha, scairtigh amach i nGaeilge a bhí sé iad. Níl a fhios agamsa cé acu thóg, b'fhéidir gur thóg, thóg Seán Ó hEochaidh ná duine inteacht cuid dena chuid ina dhiaidh sin.

**DÓNALL:** Ach chuaigh an oirchill suas ansin a dúirt tú ón sé pingine sin suas go dtí.

**PADAÍ:** Ó, thosaigh, bhí sin, bhí deireadh air, thosaigh sin sé pingine, thosaigh siad a dhíol an scilling ansin. Thosaigh siad a dhíol scilling sa deireadh, leathchoróin, dhá scilling is leathchoróin, sa deireadh bhí siad ag díol, tá mise ag deanamh go raibh siad ag díol, bhí siad ag gabháil suas b'fhéidir go dtí cúig scillinge leathphingine.

**DÓNALL:** *Mmm, hmm*.

**PADAÍ:** Tá mé ag déanamh gur, tá mé ag déanamh b'fhéidir gur 67 nó 68 a stad na oirchilleacha anseo. Thart ar na blianta sin. Bhí oirchill ann nuair a cuireadh deirfiúir domsa, bhí i 66.

**DÓNALL:** Is léití amach an oirchill ansin '______'.

**PADAÍ:** Léití amach an oirchill. *But* in....

**DÓNALL:** ....Sin in teach an phobail a Phadaí?

**PADAÍ:** Ag teach an phobail ach sa deireadh, bhí siad ag scairtigh amach na hoirchilleacha agus tá seo go fíor agus tá mé ag inse duit anois a Dhónaill, nuair a thiocfadh tusa na bhaile ón tórramh, sin an chéad, cha raibh iomrá ar bith ar an t-é a cuireadh, cha labhartaí ar chorr ar bith air, caidé an oirchill a bhí os a chionn. Sin an chéad cheist a chuirtí ort. Caidé an oirchill a bhí ann? Cha raibh iomrá ar bith ar an t-é, cha raibh iomrá ar bith ar an t-é, an t-é a bhí, an t-é a bhí a chur. Sin an chéad cheist a chuireadh, an raibh oirchill mhór os a chionn, caidé an t-oirchill a bhí ann? Sin an chéad cheist a chuireadh, sin an chéad cheist *but* bhí an oirchill sa deireadh, cha raibh siad ag scairtigh amach na ainmneacha, scairteadh siad amach go díreach an t-oirchill, caide an t-oi.., caidé an, caidé, rud a bhí ann ach na blianta roimhe sin bhí na

ainmneacha uilig le scairteadh. Bhí. Ach sin an dóigh a raibh sé, nuair a thiocfá na bhaile, chuirtí ceist ort, caidé an oirchill a bhí os a chionn?

**DÓNALL:** (Gáire)

**PADAÍ:** *Eh?*

**DÓNALL:** A Phadaí, ansin chuirtí thart snaoisín agus na rudaí seo?

**PADAÍ:** Bhí snaoisín cinnte acu agus bhí....

**DÓNALL:** ....Agus píopaí.

**PADAÍ:** Bhí píopaí acu, píopaí, snaoisín. Bhí sin fosta ann. Bhí, bheadh an, bhí siad, á bhí siad uilig ag caitheamh píopaí san am sin agus ag caitheamh toitíní.

**DÓNALL:** Mná is fir ag caitheamh an phíopa?

**PADAÍ:** Á, leoga bhí, ag caitheamh leo.

**DÓNALL:** An raibh?

**PADAÍ:** Bhí, bhí leoga. Ansin bhí daoine ann, bhí píopaí, mhothaigh mé féin na seandaoine ag rá roimhe m'amsa bhí píopa, píopaí créafóige a bhí orthu. Mar a deir siad féin leis na píopaí cailc, píopaí.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Bhí siad sin ann, bhí sin ann, bhí siad sin ann fá choinne na hócáide. Ach mairim nach raibh siad le díol sa tsiopa, bhí siad sin ansin fá choinne duine ar bith a raibh toit de dhith air, thiocfadh leis ceann acu a thógáil, caitheamh leat.

**DÓNALL:** An bhfaca tú mná ag caitheamh an phíopa?

**PADAÍ:** Tá cuimhne agam bean amháin a bhí ar an bhaile seo, go ndéanfaidh Dia mhaith uirthi, a bhí ag caitheamh píopa, sin a bhfuil a fhios agam.

**DÓNALL:** *Mmm, hmm*.

**PADAÍ:** Bhí beirt ann, bhí beirt ar an bhaile seo anois, ag caitheamh píopa. Bhí bean eile ag caitheamh píopa nuair a bhí mé ag gabháil na scoile, bhí, bhí sí ina cónaí thuas ag taobh theach na scoile a bhí ag caitheamh píopa agus bhí bean thíos ar íochtar an bhaile a bhí ag caitheamh píopa. Sin anois de bhfuil a fhios agam. Bhí siad ag caitheamh píopa in san am. Bhí. Sin a mhothaigh mé. Bhí. *So*.

********************

**DÓNALL:** A Phadaí, is minic a chluinim, a chuala mé iomrá ar na Sé Fear Déag, inis domh do chuid eolais.

**PADAÍ:** Á, bhí, mhothófá na sean daoine ag caint ar na Sé Fear Déag, *but*, cha dtiocfadh leat mórán, mórán tús ná deireadh a fháil air. Bhí a scéal féin ag achan duine fá dtaobh daofa. Dúirt daoine gur daoine a bhí iontu a bhí ag coinneáil an tsuaimhnis.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Thart fríd an tír, achan áit fríd an tír, bhí siad ag déanamh go raibh siad achan áit fríd an tír, go raibh grúpaí ann acu agus bhí siad ag déanamh, déanamh go raibh

cuid acu ar an bhaile seo. Agus duine ar bith ansin a dhéanfadh amach as bealach, chuir siad pionós air, dár chuala mise. Bhí rud acu a dtug siad an *sciobán* orthu, air agus duine ar bith a dhéanfadh amach as bealach air, scríobfadh siad é leis an *sciobán*. Scríobfadh siad b'fhéidir an ceann aige ná scríobfadh siad na lámha aige ná na glúine ná.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Chuirfeadh siad pionós air, sin an dóigh a mhothaigh mise é.

**DÓNALL:** *So*.

**PADAÍ:** Á, á, ní b'fhéidir nach raibh ansin ach go díreach scéalta a bhí ansin. *Aye*.

**DÓNALL:** Bhí siad, bhí siad ag déanamh jab a dhéanfadh gardaí ná.

**PADAÍ:** Bhí. Macasamhail sin a bhí iontu, daoine a bhí ag coinneáil an tsuaimhnis.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Daoine a bhí ar shiúl ó áit go háit.

**DÓNALL:** Ag coinneáil ord ar rudaí.

**PADAÍ:** Ag coinneáil ord, daoine, dá mbeadh daoine ag déanamh amach as bealach is iad fáil amach fá dtaobh de.

**DÓNALL:** Sea, sea. Chuireadh siad pionós ansin orthu.

**PADAÍ:** Chuireadh siad pionós orthu.

**DÓNALL:** *So*, sin na Sé Feara Déag.

**PADAÍ:** Sin, tá mise ag déanamh gur sin an rud a dtabharfadh siad na Sé Feara Déag orthu. Bhí siad achan, tá mise ag déanamh go raibh siad achan áit fríd an, fríd Éirinn.

**DÓNALL:** Ach go cinnte le Dia, bhí siad anseo.

**PADAÍ:** Ó, bhí siad anseo, *supposáilte* go raibh siad anseo ar an bhaile seo fosta anois.

**DÓNALL:** *Mmm*.

**PADAÍ:** Bhí. Bhí siad.

********************

**DÓNALL:** Déarfainn gur shiúl tú an aonaigh go minic a Phadaí?

**PADAÍ:** Ó, bhí mise, bhí mise ar an aonach go minic.

**DÓNALL:** Tú féin ná '___'?

**PADAÍ:** Á, bhuel, bhí mise, bhí mise thoir cinnte nuair a bhí mé ag éirí aníos *but* ní dear mé, ní, cha dear mise mórán ar an aonach, bheinn thoir cinnte lá aonaigh is sin lá eile a bhí acu, Achar, lá mór Achar an Dá Lá Dhéag. Mhothóinn iad ag caint air, na seandaoine. Duine ar bith nach raibh, siad ag comhrá le chéile na duine ar bith nach raibh, nach raibh siad ag caint le chéile i rith na bliana ná a dhath mar sin, Achar an Dá Lá Dhéag, chroithfeadh siad lámh agus labharfadh siad lena chéile *even* dá mbeadh siad ag titim, má bhí siad amuigh ar a chéile i rith na bliana, bhfuil a fhios agat, thoir i nGort an Choirce a dúirt siad lá, Achar an Dá Lá Dhéag sin an séú lá, chroithfeadh siad

lá lena chéile agus dhéanfadh siad suas ar shon, ar shon, ar shon an méid, cad chuige nach raibh siad ag labhairt lena chéile.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Ná cha raibh....

**DÓNALL:** ....Sin an séú....

**PADAÍ:** ....cha raibh siad ar ndóigheanna a chéile b'fhéidir i rith na bliana *but* an lá sin dá gcasfaidh thoir ar an aonach iad ná Achar an Dá Lá Dhéag. Dhéanfadh siad mór lena chéile, dhéanfadh siad suas lena chéile.

**DÓNALL:** An séú lá de cén mhí a Phadaí?

**PADAÍ:** Lá na, lá na, lá na, Lá na Bliana Úra mairim a bheadh ann, Lá na Bliana Úra, Achar an Dá Lá Dhéag.

**DÓNALL:** *Mmm*.

**PADAÍ:** An séú lá. Sin e Lá na Bliana Úra.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Bhí aonach mór i nGort an Choirce san am sin.

**DÓNALL:** An bhfuil sé fíor go gcastaí, gur sin an áit a gcastaí na fir agus na mná ar a chéile agus..?

**PADAÍ:** Bhuel bhí, bhí, bhí aonach ansin acu fosta tá mise ag déanamh, níl a fhios agam cén t-aonach *but* chan sin an t-aonach. Bhí aonach ann a dtugadh siad Aonach na nGáireach air, mhothóinn iad ag caint ar sin fosta.

**DÓNALL:** Na nGáireach?

**PADAÍ:** Aonach na nGáireach.

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Agus tá mise, tá mise ag déanamh an rud a bhí ansin, bean nó fear b'fhéidir a raibh nóisean acu dá chéile, choinneodh siad b'fhéidir giota beag measartha amach, amach uaidh chéile ach bheadh siad ag déanamh mairim aghaidheanna agus déanamh gáireach le chéile fá choinne iad buaileadh suas lena chéile, dúirt siad gur ghnách le moll mór *matchanna*, daoine a dhéanamh suas fá choinne pósadh.

**DÓNALL:** Ar an lá sin?

**PADAÍ:** Ar an lá sin. Daoine b'fhéidir a bhí nóisean b'fhéidir pósta acu nó daoine, Aonach an nGáireach a ba ghnách leo a thabhairt air. Sé. Bhí sin fosta ann. Agus bhí, bhí daoine rudaí eile ansin acu, daoine b'fhéidir a bhí ag titim amach lena chéile a dtabharfadh siad Troid na mBataí air. Bhí bataí acu, bhuel bhí siad foghlamtha leis, chan achan duine a bhí, mairim a bhí ábalta a dhéanamh. Chuireadh, bhí troid ann a dtabharfadh siad troid bataí air. Rachadh siad a throid leis na bataí.

**DÓNALL:** Bheadh sé mar a *sword* de rud ann.

**PADAÍ:** Bhí, troid na mbataí. Agus bhí cuid acu a bhí, bhí maith air. Gheofá, an bhfuil a fhios agat, an fear a raibh muid ag caint air, go ndéanfaidh Dia mhaith air, Dónall an '_____' a bhí thall ansin, mhothóinn iad ag caint air, bhí seisean, bhí seisean ag troid le

fear, fear bataí inteacht soir agus caithfidh sé gur bhuail sé sa chloigeann é, dúirt siad go raibh paiste leathair istigh sa chloigeann aige ina dhiaidh. Caithfidh sé gur bhuail sé, gur bhuail sé leis an bhata é. Bhí troid ann a dtabharfadh siad troid bataí air. Troid na mBataí.

**DÓNALL:** *So* an dtroidfeadh siad sin ar an aonach a Phadaí, an dóigh sin?

**PADAÍ:** Ar an, ar an aonach, bhuel is dóiche mairim gur ar an aonach a throidfeadh siad é, ar an bhealach, b'fhéidir ar an bhealach na bhaile na daoine nach b'fhéidir nach raibh ag tarraingt le chéile, daoine nach raibh i ndóigheanna le chéile. Dúirt siad gur ghnách leo a bheith ag troid bataí. Troid na mBataí air. Bhí. Ó bhí, dúirt siad go raibh a leithéid ann. In san am. Ó gheofá rudaí mar sin anois. Bhí, bhí, bhí na dóigheanna sin acu, moll de na rudaí sin acu. Agus bhí, bhí lá eile ansin acu a mhothóinn na seandaoine ag caint anseo fosta air, cha rachadh siad ag iascaireacht Lá Peadar agus Pól, sin 29ú, sa tsamhradh, de *June* tá mé ag déanamh. Cha rachadh siad, cha rachadh siad ag iascaireacht an lá sin. Sin lá nach rachadh siad ag iascaireacht.

**DÓNALL:** Ó, bhí sin pisreogach fosta, nach raibh?

**PADAÍ:** Bhí mairim ach ansin tá mise ag déanamh an rud a tharla thart anseo fad ó shin, cailleadh duine inteacht thart in san am, Lá Peadar agus Pól. Bhí sé ag iascaireacht agus tá mise ag déanamh b'fhéidir gur sin an rud a ba mhó.

**DÓNALL:** A ba chúis le sin.

**PADAÍ:** A ba chúis le sin. Sé, sin an dóigh a raibh sé, tá mé ag déanamh go bé cibé ar bith. Bhí siad ag iascaireacht roimhe sin, caithfidh sé go raibh, caithfidh sé go raibh achan rud ag gabháil ceart go leor *but* níl cuimhne ar bith agamsa iad ag iascaireacht anois Lá Peadar agus Pól *but* mhothóinn iad an lá sin, nach rachfá amach ag iarraidh iascaireacht anois nach rachadh aon duine acu siar ag iascaireacht cibé ar bith. Bhí na

dóigheanna sin acu.  Bhí.  Ó, bhí rudaí mar sin ann.  Bhuel tá moll rudaí de na rudaí sin ar shiúl.

**DÓNALL:** Tá léir acu ar shiúl.

**PADAÍ:** Tá léir acu ar shiúl.

**DÓNALL:** Níl dabht ar bith faoi sin.

**PADAÍ:** Ba ghnách le, muintir ag airneáin san oíche, bhéarfadh siad leofa beo amach as an tine, sin an solas a bhí leo na bhaile.  Thógfadh siad amach an aibhleog as an tine.

**DÓNALL:** *But* dhing, dhingfeadh siad rud inteacht isteach ann?

**PADAÍ:** Ó scian bheag a bheadh leofa ina bpóca

**DÓNALL:** Sea.

**PADAÍ:** Go háirithe fir, sciain bheaga.

**DÓNALL:** Agus bhéarfadh sin solas daofa.

**PADAÍ:** Ní bhí, bhí *belief* eile acu ansin, tá mise ag deanamh ag caint ar na taibhsí na ag caint ar na droch rudaí, bheadh siad ag caint ar na rudaí sin san am sin, diabhail agus droch rudaí agus rudaí mar sin.  Bheadh an scian bheag leo nó giota iarainn, go háirithe, bheadh iarann leofa, spíce iarainn, bhuel bhí siad ag rá i gcónaí go raibh an t-iarann coisricthe, a déarfadh na seandaoine agus bhí siad ag deanamh má bhí an t-iarann leofa beo, nach dtiocfadh a dhath orthu.  Caint ar na taibhsí seo agus na rudaí seo a bhíonn, nach raibh a dhath ar bith ag teacht, a dhul a gcóir.

**DÓNALL:** Ach bhí siad cinnte nach dtiocfadh a dhath a gcóir.

**PADAÍ:** *Aye*. Ach ansin, bhí siad ag caint fosta ar na taibhsí, daoine cosúil le, caithfidh sé go raibh daoine ábalta e a dhéanamh agus caithfidh sé go raibh daoine nach raibh ábalta é a dhéanamh. Dá dtiocfadh a dhath ort raibh, nach raibh mórán dúil agat ann, dúirt siad go gcaithfeá marc a dhéanamh, *ring* cruinn a dhéanamh thart cibé áit a raibh tú i do sheasamh agus focail againn, agat inteacht le rá agus níl a fhios agamsa caidé a bhí ann anois, níl cuimhne agam air *but* cibé a chífeá go gcaithfeá an *ring* seo a chur thart ort agus cha dtiocfadh an taibhse nó cibé a bhí ann.

**DÓNALL:** Isteach in sa *ring*.

**PADAÍ:** Isteach ann *but* bhí, bhí, bhí urnaí na rud inteacht agat le rá le é a choinneáil amuigh.

**DÓNALL:** Agus ní thiocfadh sé i do chóir ansin?

**PADAÍ:** Ní thiocfadh sé *but* má raibh tusa ábalta sin a, sin a dhéanamh, deir siad go mbeadh, go mbeadh, go bhfaigheadh seisean do bhuaighe. Agus go gcaithfeá *ring* a chur thart, *ring* cruinn a chur thart in cibé ait a raibh tú i do sheasamh.

**DÓNALL:** Sea. Agus an urnaí a rá.

**PADAÍ:** Agus an urnaí a rá. Cé acu a raibh sé sin anois ceart nó contráilte, chuala mise sin. Tá a fhios agat, daoine, daoine a bhí, daoine b'fhéidir a raibh *belief* in rudaí acu thar dhaoine eile.

**DÓNALL:** Tá a fhios agam.

**PADAÍ:** Ach bhí focail a dúirt siad, bhí focail ann a chaithfeá a rá agus nuair a bheadh na focail ráite ansin cibé caidé a bhí ann ná cibé caidé a bhí con..., duine a bhí, má bhí aon dhath ag cur trioblóide air, chaithfeadh sé a inse duit. Tá a fhios agat.

**DÓNALL:** *Mmm, hmm*.

**PADAÍ:** *So*, á, b'fhéidir nach raibh a dhath ansin ach creidim gur sealógaí fosta a bhí ann *but.*
**DÓNALL:** Á bhuel, bhí sé i gcaint na ndaoine, a Phadaí.

**PADAÍ:** *Eh*?

**DÓNALL:** Bhí sin i gcaint na ndaoine agus.

**PADAÍ:** Bhí, bhí sé i gcaint, bheadh na seandaoine ag caint ar sin, go gcaithfeá marc a chur thart ort, marc cruinn a chur thart ort. Agus caithfidh sé, caithfidh sé cibé caidé a bheadh ann na cibé rud nach raibh, b'fhéidir rud nach raibh mórán dúil agat ann go mbeadh sé ag oibriú isteach ort, cibé áit a raibh tú i do sheasamh. B'fhéidir nach raibh a dhath ansin ach go díreach rudaí a bhí daoine iad féin ag deanamh suas *but* caithfidh sé go raibh dóigh inteacht ann

**DÓNALL:** Ó bhí, nuair a.

**PADAÍ:** Bhí dóigh, bhí dóigh inteacht ann. Bhí. Bheadh siad ag rá go raibh rudaí mar sin ann in san am. Bhí moll mór rudaí ann san am sin. An dóigh cheánna ansin dá dtiocfadh cat dubh ort, mhothófá iad ag caint air, gur cat, dá gcastaí cat dubh ort ar an bhealach mhór, trasna an bhealaigh mhóir, nach, nach sin rud maith, iontach maith ar bith a bhí ann. Rudaí mar sin.

**DÓNALL:** *Jees*, bhí creideamh iontach acu, nach raibh?

**PADAÍ:** *Eh*?

**DÓNALL:** Chreid siad in rudaí iontach.

**PADAÍ:** Bhí rudaí iontach acu, bhí. Ó bhí rudaí iontach acu san am. Chreideadh siad in moll mór rudaí.

********************